

## Cáipéisí Nua Daonáirimh

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi chaipéisí nua daonáirimh atá i seilbh Ollscoil na hÉireann Má Nuad faoi láthair. Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

**Ceist 2** Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

Documents: \_\_\_\_\_

Census: \_\_\_\_\_

Famine: \_\_\_\_\_

Digitized: \_\_\_\_\_

Scroll: \_\_\_\_\_

Found: \_\_\_\_\_

On loan: \_\_\_\_\_

Chief Secretary: \_\_\_\_\_

Nobles: \_\_\_\_\_

Landlords: \_\_\_\_\_

Clergy: \_\_\_\_\_

Liberal: \_\_\_\_\_

Policies: \_\_\_\_\_

Speech/address: \_\_\_\_\_

Evidence: \_\_\_\_\_

**Ceist 3** Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

**Ceist 4**

Féach ar an tuairisc anois agus dean iarracht an méid a deirtear faoi na daoine seo a leanas a scríobh. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh

Diúc Laighean \_\_\_\_\_

Lord Morpeth \_\_\_\_\_

Paul Hoary \_\_\_\_\_

Charles Bianconi \_\_\_\_\_

**Ceist 5**

‘Aimsir an Ghorta Mhóir’

Cén ghné den ghramadach atá i gceist anseo? Bain triail as na samplaí thíos a aistriú go Gaeilge

1. I ran across the white field
2. I got the answer to the difficult question
3. I wore the big man’s coat
4. I wore the big ladies coat
5. I saw the books of the clever girl
6. The top of the blue pen
7. The night of the Long Knives
8. The name of the brave boy

**Ceist 6**

An bhfuil suim agat tuilleadh a fháil amach faoi do shinsir?

Ar bhain tú úsáid as Ancestry.com riamh?

An bhfuil scéal ar bith suimiúil agat faoi do chuid gaolta sa stair, nó gaolta daoine eile go deimhin?

## Treoracha agus Freagraí

**Ceist 1** Iarr ar na foghlaimoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

**Ceist 2**

- Documents:**Cáipéisí
- Census:**Daonáireamh
- Famine:**Gorta Mór
- Digitized:**Digitíú
- Scroll:**Scrolla
- Found:**Fritheadh
- On loan:**Ar iasacht
- Chief Secretary:**Príomhrúnaí
- Nobles:**Uaisle
- Landlords:** Tiarnaí Talún
- Clergy:**Cléir
- Liberal:**Liobrálach
- Policies:**Polasaithe
- Speech/address:**Aitheasc
- Evidence:**Fianaise

**Ceist 3** Caithfidh na foghlaimoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid lena chéile.

**Ceist 4** **Diúc Laighean:** Bhí cónaí air i dteach Carton i Má Nuad. D'eagraigh sé bronnadh na cáipéise. Shínigh sé a ainm tar éis an aithisc (ar an gcéad leathanach).

**Lord Morpeth:** Príomhrúnaí in Éirinn a bhí ann. Bronnadh an cháipéis air mar chomhartha buíochais dá chuid oibre. Tháinig siad ar an gcáipéis ina theach i Yorkshire Shasana. Bhí polasaithe liobrálacha aige

**Paul Hoary:** Beidh Paul ag cuidiú leis an gcáipéis a chaomhnú. Tá sé ag obair i Leabharlann Russell in Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

**Charles Bianconi:** Tá a shíniú sa leabhar. Chuir sé tús le córas nua taistil in Éirinn do ghnáthdhaoine.

**Ceist 5: Tuiseal Ginideach Uatha agus Aidiacht**  
Ní shéimhítear an aidiacht bhaininsneach sa Tuiseal  
Ginideach ach séimhítear é sa Ghinideach Firinsneach  
Tá trí dhíochlaonadh de chuid na haidiachta ann

**Grúpa 1** *Críochnaíonn said ar chonsan.*  
*Más ainmfhocal baininsneach atá á cháiliú ag an aidiacht,*  
*caolaítear é agus cuirtear 'e' leis*  
*Más ainmfhocal firinsneach atá á cháiliú ag an aidiacht*  
*caolaítear an aidiacht.*

Baininsneach	Firinsneach
Muintir na Trá Báine	Péarla an Chúil Bháin

**Grúpa 2** *Críochnú ar -(i)úil, -(a)ir*  
*Baininsneach: leathnaítear é agus cuirtear 'a' leis*  
*Firinsneach: gan infhilleadh*

Baininsneach	Firinsneach
Ainm na mná cáiliúla	Ainm an fhir cháiliúil
Réiteach na ceiste deacra	Clúdach an leabhair dheacair

**Grúpa 3** *Críochnaíonn ar ghuta*  
*Ní thagann athrú*

Baininsneach	Firinsneach
Gruaig na mná fada	Gruaig an fhir fhada

*Tá cuid eile ar nós breá, trom srl atá mírialta*

### Freagraí

1. Rith mé trasna na **páirce báine**
2. Fuair mé freagra na **ceiste deacra**
3. Chaith mé cóta an **fhir mhóir**
4. Chaith mé cóta na **mná móire**
5. Chonaic mé leabhair an **chailín chliste**
6. Barr an **phinn ghoirm**
7. Oíche na **sceana fada**
8. Ainm an **bhuachalla chróga**

**Ceist 6** Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

### **Máire T. Ní Mhadaoin**

Tá cáipéisí nua daonáirimh a rinneadh<sup>1</sup> roimh aimsir an Ghorta Mhóir sa tír seo á ndigitiú ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad faoi láthair. Tá an scrolla a fritheadh i dteach an Tiarna Morpeth i Yorkshire Shasana acu ar iasacht. Labhair lucht na hOllscoile le Catherine Ní Ghuairim faoi scrolla Morpeth atá faoi dhó chomh fada<sup>2</sup> le Páirc an Chrócaigh.

### **Dr Tarlach Ó Dubhloich-Roinn na Staire**

Bronnadh an cháipéis seo ar Lord Morpeth sa bhliain 1841 mar chomhartha buíochais<sup>3</sup> don obair a rinne sé mar Phríomhrúnaí in Éirinn. Diúc Laighean, a raibh cónaí air i dteach Carton anseo i Má Nuad a d'eagraigh é<sup>4</sup>, agus shínigh uaisle, na tiarnaí talún, lucht gnó, daoine gairmiúla agus baill<sup>5</sup> den chléir a thacaigh le polasaithe liobrálacha Morpeth, shínigh<sup>6</sup> siad é ó cheann ceann na tíre.

Anois is é an chéad rud a bhí le déanamh ná an cháipéis a chaomhnú le cuidiú Paul Hoary agus lucht na leabharlainne Russell anseo i Má Nuad. I gceann cúpla seachtaine le cuidiú Ancestry.com, tosóimid ar na cáipéisí a dhigitiú agus ainmneacha na ndaoine a shínigh é a bhreacadh síos.

### **Etáin Ó Síocháin-Leabharlannaí**

Maidir leis an gcáipéis féin anseo anois, tá cúig chéad caoga leathanach iomlán ann, is é sin níos mó ná ceithre chéad méadar nó Páirc an Chrócaigh faoi dhó. Ar an gcéad leathanach i ndiaidh an aithisc féin tá Diúc Laighean agus ansin níos faide ar aghaidh tá fear eile cáiliúil Charles Bianconi, fear a chuir tús le córas taistil in Éirinn i lár na haoise seo caite, córas taistil don ghnáthdhuine

Ó tharla gur beag fianaise daonáirimh atá againn den tréimhse roimh an nGorta, is dóigh go bhfuil sé seo ar an gcáipéis eisiúna is tábhachtaí ón gcéad chuid den naoú haois déag a tháinig chun solais le fada an lá.

### **Etáin Ó Síocháin-Leabharlannaí**

Tréimhse fhada oibre a bheidh i gceist é a chaomhnú agus a thabhairt i gcrích ach nuair atá an digitiú déanta air, tá sé i gceist taispeántas a dhéanamh de don phobal i gcoitinne.

---

<sup>1</sup> A deineadh deirtear

<sup>2</sup> B'fhéidir go mb'fhearr dhá oiread Pháirc an Chrócaigh a úsáid anseo

<sup>3</sup> buíochas deirtear

<sup>4</sup> cuireann sé síneadh fada ar an 'e'

<sup>5</sup> úsáidtear foirm an uatha 'ball'

<sup>6</sup> shíneadar é deirtear